NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10600 — EDFI / MUBADALA / EMERGE JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 89/04)

1. An 17 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EDF International ("EDFI", An Fhrainc), fochuideachta faoi lánúinéireacht ag Electricité de France SA ("EDF", An Fhrainc),

— Abu Dhabi Future Energy Company PJSC - Masdar ("Masdar", Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), fochuideachta faoi lánúinéireacht ag Mubadala Investment Company PJSC ("Mubadala", Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Emerge Limited (an "JV" nó "Emerge", Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), faoi rialú comhpháirteach ag EDFI agus Masdar.

Is éard atá sa chomhchruinniú Emerge, comhfhiontar neamh-lánfheidhme atá ann cheana agus atá á rialú go comhpháirteach ag CEFI agus Masdar, a chlaochlú go comhfhiontar lánfheidhme a fheidhmíonn ar bhonn buan feidhmeanna uile eintitis eacnamaíoch neamhspleách de réir bhrí Airteagal 3(4) den Rialachán maidir le Cumaisc. Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— EDF: fuinneamh a ghiniúint, a tharchur, a dháileadh, a sholáthar agus a thrádáil sa Fhrainc agus go hidirnáisiúnta,

— Masdar: cuideachta fuinnimh in-athnuaite agus inbhuanaitheachta a chuireann réitigh i dtaca le fuinneamh, uisce, forbairt uirbeach agus teicneolaíochtaí glana chun cinn in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus ar fud an domhain,

— Emerge: oibriú na héifeachtúlachta fuinnimh foirgnimh, giniúint cumhachta gréine ar an láthair agus tionscadail soilsiú sráide poiblí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, agus i Ríocht na hAraibe Sádaí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10600 — EDFI / MUBADALA / EMERGE JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË